

## Bileog eolais faoi thoit thánaisteach



|  |   |
|--|---|
|  | <p>Laghdaítear an dochar a bhaineann le toit thánaisteach má chaitheann daoine tobac amuigh faoin aer, píosa fada ó dhoirse agus ó dhaoine eile.</p>  |
|  | <p>Is leanaí iad beagnach aon trian de na daoine a fhaigheann bás mar thoradh ar thoit thánaisteach gach bliain (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2010).</p>  |
|  | <p>Tá níos mó seans ann go mbeidh daoine fásta agus leanaí a bhfuil cónaí orthu i dteach ina bhfuil deatach ag casacht agus ag cársánach, go mbeidh ionfhabhtuithe cliabhraigh acu (cosúil le niúmóine agus broincíteas), droch-asma, ionfhabhtuithe cluaise láir agus cluas ghlaeúil (a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hallaire) agus bás cliabháin (siondróm bás tobann naíonáin).</p> |
|  | <p>Tá riosca níos airde luaithe le leanaí de bhrí nach bhfuil a gcóras imdhíonachta, a chosnaíonn iad ó thinneas, forbartha go hiomlán.</p>   |
|  | <p>Bíonn níos mó deacrachtaí ag leanaí óga toit thánaisteach a sheachaint nó gearán a dhéanamh faoina leithéid. Braitheann leanaí ar dhaoine fásta chun a chinntiú go bhfuil an t-aer atá á anáilú acu saor ó thobac.</p>   |
|  | <p>Cuireann toit thánaisteach leis an riosca a bhaineann le cásanna d'aileascamhóg agus galar croí a bhíonn le tabhairt faoi deara i measc daoine nach gcaitheann tobac.</p>  |
|  | <p>Cruthaíonn a leithéid riosca ar leith do dhaoine a bhfuil neamhoird anáilthe agus galar croí orthu. Éireann tinnis cosúil le hasma agus broincíteas ainsealach níos measa dá barr.</p>   |
|  | <p>Tá toit thánaisteach an-dochrach do bhean torrach agus don leanbh sa bhroinn, de bhrí gur féidir le gach ceimiceán i gcorp mná taisteal chomh fada le corp an naíonáin.</p>  |
|  | <p>Nuair a lasann caiteoir toitín in áit phoiblí, fiú amháin amuigh faoin aer, ní bhíonn a fhios aige nó aici an bhfuil mná torracha san áit nó daoine a bhfuil neamhoird anáilthe nó chliabhraigh orthu, neamhoird a d'fhéadfadh éirí níos measa má ionanálaítear toit thánaisteach.</p>   |